Oifig Náisiúnta Imdhíonta
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

HSE National Immunisation Office
Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

www.immunisation.ie
Twitter, Instagram,
YouTube, LinkedIn
e immunisation@hse.ie

Feabhra 2024

An tábhacht a bhaineann le vacsaín MMR agus a bheith airdeallach ar an mbruitíneac

A Thuismitheoir/A Chaomhnóir Dhlíthiúil, a chara,

Le roinnt míonna anuas, tháinig ardú ar líon na gcásanna den bhruitíneach i gcodanna den Ríocht Aontaithe agus den Eoraip. Ar an 7ú Feabhra, thuairiscigh FSS bás duine fhásta ar deimhníodh é go raibh an bhruitíneach air/uirthi. Is é sin an chéad chás den bhruitíneach a fógraíodh in Éirinn in 2024 ar deimhníodh í.

Táimid ag iarraidh ar thuismitheoirí a bheith airdeallach ar an mbruitíneach agus a chinntiú go bhfuil na vacsaíní molta MMR (bruitíneach, leicneach agus rubella) faighte ag do pháistí.

Bí airdeallach ar an mbruitíneach

Is féidir leis an mbruitíneach a bheith míthaitneamhach, agus is galar í a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach agus atá an-tógálach.

I measc chomharthaí na bruitíní tá:

- fiabhras ard
- casacht
- srón ag sileadh
- gríos, a bhíonn le feiceáil de ghnáth ar an gceann agus ar an muineál ar dtús agus a leathnaíonn go dtí an chuid eile den chorp

I measc na ndeacrachtaí tromchúiseacha a bhaineann leis an mbruitíneach, tá niúmóine agus einceifealaíteas (at na hinchinne). D'fhéadfadh go mbeadh ar dhuine as gach cúigear a ionfhabhtaítear dul chuig an ospidéal, agus d'fhéadfadh bás a bheith mar thoradh uirthi.

Tá tuilleadh eolais faoi chomharthaí na bruitíní ar fáil ag: https://www2.hse.ie/conditions/measles/ nó trí 'bruitíneach FSS' a chuardach.

Oifig Náisiúnta Imdhíonta
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

HSE National Immunisation Office
Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

www.immunisation.ie
Twitter, Instagram,
YouTube, LinkedIn
e immunisation@hse.ie

Má rinne do dhochtúir teaghlaigh nó d'ospidéal diagnóisiú ar do leanbh, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh le do scoil. D'fhéadfadh sé gur ghá do leanaí i rang do linbh dul faoi vacsaíniú mura vacsaíníodh in aghaidh na bruitíní ina hiomláine iad.

Vacsaín MMR

Is é vacsaíniú MMR an chosaint is láidre i gcoinne na bruitíní.

Tá glacadh leis an dá dháileog den vacsaín MMR faoi bhun 90% le tamall, agus is údar mór imní é sin mar gheall ar nádúr tromchúiseach agus tógálach na bruitíní.

Dhá dháileog ag teastáil

Teastaíonn dhá dháileog den vacsaín MMR le go measfar duine a bheith iomlán vacsaínithe. Tugann cleachtais dochtúirí teaghlaigh an chéad dáileog nuair a bhíonn leanaí 12 mhí d'aois. Is iad foirne vacsaínithe ar scoil FSS a thugann an dara dáileog nuair a bhíonn leanaí sna naíonáin shóisearacha. (I Sligeach, Liatroim agus i nDún na nGall, is cleachtais dochtúirí teaghlaigh a chuireann an vacsaín sin ar fáil).

Vacsaíní caillte

Níl sé ródhéanach vacsaín a fháil. Tá an vacsaín MMR ar fáil anois mar vacsaín chúitimh ó chleachtais dochtúirí teaghlaigh d'aon duine ar baol é gur chaill sé/sí a c(h)éad nó a d(h)ara dáileog.

Tuilleadh eolais

Tá tuilleadh eolais faoi vacsaín MMR ar fáil ó www.immunisation.ie

Le dea-mhéin,



An Dr Lucy Jessop

Comhairleoir i Míochaine Sláinte Poiblí – Ceannasaí Náisiúnta Imdhíonta

An Oifig Náisiúnta Imdhíonta MRCN 424447

Dr Abigail Collins,

Comhairleoir i Míochaine Sláinte Poiblí

Ceannasaí Cliniciúil Náisiúnta um Shláinte Leanaí na Sláinte Poiblí
MCRN 404629